# An Coimisiún Pleanála

# Caidreamh le Geallsealbhóirí Iúil 2025

# An tAcht um Pleanáil agus Forbairt – Cuid 17
# Athrú ar Róil

An Coimisiún Pleanála

- Tosaíodh Cuid 17 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, an 18 Meitheamh 2025.
- Struchtúr Nua Rialachais - D'fhógair an tAire Bord Rialaithe nua tar éis próiseas earcaíochta ar sheol Poist Phoiblí é. Is é Paul Reid an Cathaoirleach ar an mBord Rialaithe.
- D'éirigh Cathaoirleach an Bhoird Pleanála ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an gCoimisiún.
- D'éirigh an Leas-Chathaoirleach ina Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála, agus d'éirigh na 13 chomhalta Boird ina gCoimisinéir Pleanála.
- Tá ról an Phríomh-Choimisinéara Pleanála le líonadh tar éis próiseas earcaíochta atá á sheoladh ag Poist Phoiblí.

# An tAcht um Pleanáil agus Forbairt – Cuid 17
## Bord Rialaithe

An Coimisiún Pleanála

- Beidh Bord Rialaithe ag an gCoimisiún.

- Déanfaidh an Bord Rialaithe na nithe seo a leanas–
  - treo straitéiseach an Choimisiúin a athbhreithniú agus a stiúradh,
  - athbhreithniú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcuirtear chun feidhme mórphleananna gníomhaíochta, beartais agus nósanna imeachta um bainistíocht riosca, buiséid bhliantúla agus pleananna gnó de chuid an Choimisiúin,
  - cuspóirí feidhmíochta an Choimisiúin a leagan síos, agus faireachán a dhéanamh ar ghnóthú na gcuspóirí sin ag an gCoimisiún, agus
  - mórchaiteachas caipitil agus cinntí infheistíochta an Choimisiúin a cheadú agus formhaoirseacht a dhéanamh orthu.

# An tAcht um Pleanáil agus Forbairt – Cuid 17
# Cód iompair agus Doiciméad Nósanna Imeachta i Scríbhinn

An Coimisiún Pleanála

- Glacfaidh an Bord Rialaithe an chéad chód iompair laistigh de 6 mhí ó thosach feidhme Chuid 17, agus foilseoidh sé ar an suíomh Gréasáin é.

- Beidh feidhm ag an gcód iompair maidir leis na daoine seo a leanas:
    - comhalta den Bhord Rialaithe,
    - Coimisinéir Pleanála,
    - **foireann uile an Choimisiúin** agus Sainchomhairleoirí

- Tar éis dul i gcomhairle leis an bPríomh-Choimisinéir Pleanála/an Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála, ullmhóidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nósanna imeachta lena leanúint ag na Coimisinéirí agus ag na cigirí le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh. Ceadóidh an Bord Ceannais na nósanna imeachta laistigh de 6 mhí ó thosach feidhme Chuid 17, agus foilseoidh sé ar an suíomh Gréasáin iad.

# An tAcht um Pleanáil agus Forbairt – Cuid 17

## Athbhreithniú ar fheidhmíocht an Choimisiúin

An Coimisiún Pleanála

- Tabharfaidh an Bord Rialaithe don Aire cibé faisnéis i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna an Choimisiúin a iarrfaidh sé nó sí.
- Déanfaidh an Bord Rialaithe, nó an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar iarratas ón mBord Rialaithe, athbhreithniú uair amháin ar a laghad gach 3 bliana ar eagrú an Choimisiúin agus ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann an Coimisiún le linn cásanna a bhreithniú agus a chinneadh.
- Tabharfaidh an Bord Rialaithe tuairisc don Aire ar thorthaí an athbhreithnithe.

# An tAcht um Pleanáil agus Forbairt – Cuid 17 Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An Coimisiún Pleanála

- Déanfaidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin na nithe seo a leanas:
  - i gcomhairle leis an mBord Rialaithe, riarachán agus gnó an Choimisiúin a sheoladh agus a bhainistiú agus iad a rialú i gcoitinne,
  - comhairle a thabhairt don Bhord Rialaithe, agus tograí a dhéanamh dó, i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna an Choimisiúin, agus
  - i gcomhairle leis an mBord Rialaithe, cibé feidhmeanna eile a tharmligfidh an Bord Rialaithe chuige nó chuici a chomhlíonadh.
- Freastalóidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinnithe an Bhoird Rialaithe, agus tabharfaidh sé nó sí don Bhord Rialaithe cibé faisnéis a éileoidh sé. Beidh sé nó sí i dteideal labhairt ag cruinnithe an Bhoird Rialaithe agus comhairle a thabhairt lena linn, ach ní bheidh sé nó sí i dteideal vóta a chaitheamh ag na cruinnithe sin.

# An tAcht um Pleanáil agus Forbairt – Cuid 17
# Coimisinéirí Pleanála

An Coimisiún Pleanála


- Beidh na Coimisinéirí Pleanála comhdhéanta díobh seo a leanas:
  - an Príomh-Choimisinéir Pleanála,
  - an Leas-Phríomhchoimisinéir Pleanála, agus
  - 13 ghnáth-Choimisinéir Pleanála
- Déanfaidh na Coimisinéirí Pleanála na nithe seo a leanas:
  - feidhmeanna an Choimisiúin a chomhlíonadh ach amháin i gcás go mbeidh an fheidhm lena mbaineann sannta don Bhord Rialaithe, agus
  - Go háirithe, achomharc, iarratas, tarchur nó iarraidh a bhreithniú agus a chinneadh a gceanglaítear ar an gCoimisiún é nó í a bhreithniú agus a chinneadh.
- Déanfaidh na Coimisinéirí Pleanála na nithe seo a leanas:
  - cloí leis na nósanna imeachta arna gceadú faoi alt 503, agus
  - a bheith neamhspleách i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna.

An Coimisiún Pleanála

# An Bord Pleanála
# Feidhmíocht go dtí an 27 Meitheamh

## Forbhreathnú ar Chásobair: 2020 go Deireadh Gnó an 27/06/2025

Cásanna a Tógadh Isteach, a Réitíodh agus atá Idir Lámha





| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | COB 27/06/2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cases Received | 2752 | 3251 | 3059 | 3272 | 2727 | 1294 |
| Cases Disposed | 2526 | 2775 | 2580 | 3284 | 3705 | 1484 |
| Cases on Hands | 1165 | 1641 | 2115 | 2580 | 2564 | 1362 |

Cases Received   Cases Disposed   Cases on Hands

# Gnáthachomhairc Phleanála (GAP)

## 2020 go Deireadh Gnó an 27/06/2025


An Coimisiún Pleanála




| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | COB 27/06/2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cases Received | 1956 | 2331 | 2297 | 2035 | 1986 | 1003 |
| Cases Disposed | 1887 | 1992 | 1465 | 2126 | 2707 | 1202 |
| Cases on Hands | 761 | 1100 | 1927 | 1842 | 1119 | 918 |

Cases Received   Cases Disposed   Cases on Hands

# **Comhlíonadh na Tréimhse Cuspóra Reachtúil** – Gach Cás: 2020 go Deireadh Gnó an 27/06/2025





| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | COB 27/06/2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| % Within SOP | 73% | 57% | 45% | 28% | 25% | 50% |

# 2025 - Gach Cás – Eanáir go Meitheamh

**A Tógadh Isteach** an Bhliain go dtí Seo – 1,294; **A Réitíodh** – 1,484; **Atá Idir Lámha** – 1,362; **A Réitíodh go Foirmiúil** – 1,241


An Coimisiún Pleanála




| | January | February | March | April | May | COB 27/06/2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cases On Hands | 1536 | 1445 | 1368 | 1364 | 1351 | 1362 |
| Cases Received | 217 | 187 | 191 | 237 | 238 | 224 |
| Cases Disposed | 256 | 279 | 267 | 241 | 251 | 190 |

# 2025 - Comhlíonadh na Tréimhse Cuspóra Reachtúil

Gach Cás – 50% an Bhliain go dtí Seo; 62% go Deireadh Gnó an 27/06/2025




| | January | February | March | April | May | COB 27/06/2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cases Disposed | 256 | 279 | 267 | 241 | 251 | 190 |
| Formally Disposed | 206 | 231 | 233 | 194 | 203 | 174 |
| % All Disposals Within SOP | 38 | 38 | 47 | 54 | 64 | 62 |
| % Formal Disposals Within SOP | 25 | 30 | 41 | 44 | 57 | 59 |

An Coimisiún Pleanála

Forbairtí Cónaithe Mórscála, Forbairtí Tithíochta Straitéiseacha, agus

Tithíocht ina bhfuil níos mó ná 30 aonad

www.pleanala.ie

# Forbairt Chónaithe Mhórscála


## Príomhfhaisnéis

An Coimisiún Pleanála

**Eanáir 2024 – Meitheamh 2025**

- Réitíodh 113 chás*
- Chinn an Coimisiún 76 chás Forbartha Cónaithe Mórscála (deonaíodh 63 cinn agus diúltaíodh do 13 cinn). Tarraingíodh 17 gcás siar.
- Réitigh an Coimisiún **100%** de chásanna laistigh den tréimhse reachtúil 16 seachtaine.
- **Tá 24 chás idir lámha faoi láthair**.

*áirítear leis seo achomhairc a díbheadh, a bhí neamhbhailí, etc.




# Forbairt Tithíochta Straitéiseach

## Cinntí go dtí Seo (tar éis chás Crofton)

An Coimisiún Pleanála

### Aibreán 2024 go Meitheamh 2025

| Cinneadh | Líon |
|---|---|
| Deonaíodh an cás (tá athbhreithniú breithiúnach á dhéanamh ar thrí chás) | 6 |
| Diúltaíodh don chás (tá athbhreithniú breithiúnach á dhéanamh ar chás amháin) | 26 |
| Rinneadh cinneadh roinnte | 2 |
| Tarraingíodh an cás siar | 8 |
| **Iomlán** | **42** |



# Ráta Diúltaithe/Deonaithe i gcásanna Forbartha Tithíochta Straitéisí

An Coimisiún Pleanála

- Bunaithe ar na 34 chás a cinneadh ó Aibreán 2024 i leith agus ar na 26 chás **ar diúltaíodh dóibh** go dtí seo – is é **76.5%** an ráta reatha diúltaithe.

- Bunaithe ar na 34 chás a cinneadh ó Aibreán 2024 i leith agus ar na 6 chás a deonaíodh – is é **17.5%** an ráta reatha deonaithe.

# Forbairt Tithíochta Straitéiseach

An Coimisiún Pleanála

**Aibreán 2024 go hIúil 2025**

- Tá 10 gcás eile os comhair an Bhoird – cinntear iad laistigh den chéad cheithre seachtaine eile de ghnáth
- Tá 3 chás eile atá os comhair na Cigireachta le scaoileadh go luath i mí Iúil
- 16 chás tharchurtha – atá le cinneadh i ráithe 3/4

| Forbairt Tithíochta Straitéiseach | Líon |
|---|---|
| Idir Lámha ag an mBord | 10 |
| Idir Lámha ag an gCigireacht | 3 |
| Bac Dlíthiúil | 1 |
| Tarchurtha | 16 |
| Géillte/Ar Feitheamh Treorach | 28 |
| **Iomlán** | 58 |

# Tithíocht ina bhfuil níos mó ná 30 aonad - Achoimre

An Coimisiún Pleanála

» **Cineál Cásanna a dtugtar Tosaíocht dó**

» 73 cinn de chásanna tithíochta ina bhfuil níos mó ná 30 aonad – Eanáir 2024 go

| Stádas | Líon |
|---|---|
| Deonaíodh an cás | 33 |
| Diúltaíodh don chás | 26 |
| Tarraingíodh an cás siar | 11 |
| Díbheadh an cás | 1 |
| Rinneadh rannchuidiú i leith an cháis | 2 |
| **Iomlán** | **73** |

| Bliain | Meánlíon Seachtainí – Réitigh Fhoirmiúla |
|---|---|
| 2024 | 34.5 |
| 2025 | **16.74** |

**Cásanna atá idir Lámha: 58 gcinn de chásanna tithíochta ina bhfuil níos mó ná 30 aonad**

- **Roimh 2024** – 5 chás – saincheisteanna dlíthiúla/infheistíocht eachtrach
- **2024** – 16 chás idir lámha (9 gcinn os comhair an Bhoird, 7 gcinn eile os comhair na Cigireachta - le scaoileadh go luath)
- **2025** – 37 gcás idir lámha (9 gcinn os comhair an Bhoird, 18 gcinn eile os comhair na Cigireachta, 10 gcinn ag an gcéim Scagtha - le scaoileadh go luath - an Tréimhse Cuspóra Reachtúil comhlíonta)

# Scéimeanna Tithíochta ina bhfuil níos mó ná 30 aonad

## Cásanna atá idir Lámha

| Bliain | Scagadh | Anailísiú | Cinneadh | Bac Dlíthiúil | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **2023** | | | 2 | | 2 |
| **2024** | 0 | 7 | 9 | | 16 |
| **2025** | 10 | 18 | 9 | | 37 |
| **Bac Dlíthiúil** | | | | 3 | 3 |
| **Iomlán** | **10** | **25** | **20** | **3** | **58** |

An Coimisiún Pleanála

# Bonneagar Straitéiseach agus Iarratais Dhíreacha

# Iarratais MHUIRÍ

An Coimisiún Pleanála

- Tá gach ceann de na sé thionscadal **fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta de chuid Chéim 1** faighte agus ar bun
  - Taisceadh na hiarratais do thionscadal Oiriall, NISA agus an Inbhir Mhóir i samhradh na bliana 2024
    - Eisíodh Iarraidh ar Fhaisnéis Shubstaintiúil Bhreise an 10 Aibreán 2025, agus am freagartha 9 mí i gceist (féadfar tréimhse níos faide a cheadú, más gá)
  - Taisceadh an t-iarratas do thionscadal Codling ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2024
    - Iarrfar Faisnéis Bhreise go luath
  - Fuarthas an t-iarratas do Charraigeacha Sceirde amach ón gcósta thiar an 11 Eanáir 2025, agus fuarthas an t-iarratas d'Eagar Bhaile Átha Cliath an 28 Feabhra 2025
- Cuireadh i gcrích an comhairliúchán réamhiarratais le roinnt calafort chun fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a éascú agus táthar ag súil le hiarratais a fháil
  - Taisceadh an t-iarratas do Chuan Rinn an Scidígh an 13 Feabhra 2025
  - Tugadh na réamhiarratais i gcrích do Chalafort Ros Láir agus do Chalafort Phort Láirge – níor taisceadh aon iarratais ina leith go fóill
- Fuarthas an chéad chás tarchurtha maidir le cáblaí fomhuirí, agus é le cinneadh ag an mBord anois
- Fuarthas an chéad iarraidh réamhiarratais ar chábla fomhuirí go déanach i mí an Mheithimh

# Fuinneamh Gaoithe – Bonneagar Straitéiseach agus Achomhairc

An Coimisiún Pleanála

| Am | 2025 FBS (Meitheamh) | FBS/BIA 2024 | Achomhairc 2025 (Meitheamh) | Achomhairc 2024 |
|---|---|---|---|---|
| Cásanna a Fuarthas | 2 + 1 tarchur | 12 | 3 cinn nua, 1 oibríocht leantach + 6 tharchur | 13 |
| Cinntí a Rinneadh | 6 | 12 | 4+ oibríocht leantach | 12 |
| An Líon Cásanna a Deonaíodh | 5 | 7 | 4 (Cealaíodh an cinneadh ón Údarás Pleanála in dhá chás) | 6 (Cealaíodh an cinneadh ón Údarás Pleanála i dtrí chás) |
| An Líon Tuirbíní a Deonaíodh (neaslíon) | 55 + 1 chás a bhaineann le hathchumhachtú | 102 | 8 + oibríocht leantach | 33 |
| Diúltaíodh don chás | 1 (10 GTG) | 5 | 0 | 6 |

# Cinntí ar Thionscadail Fuinnimh Gréine – Lár mhí an Mheithimh 2025

An Coimisiún Pleanála

| Am | Achomhairc – Lár mhí an Mheithimh 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| Cásanna a Fuarthas | 6 | 17 |
| Cinntí a Rinneadh | 7 | 18 |
| Deonaíodh an cás | 7 | 17 (Cealaíodh an cinneadh ón Údarás Pleanála i gceithre chás) |
| Diúltaíodh don chás | 0 | 1 |

- Mionsonraí – sna hiarratais chuig an Údarás Pleanála, tugtar mionsonraí teoranta maidir leis an aschur (MW).

# Cásanna atá idir Lámha (amhail Lár mhí an Mheithimh 25)

An Coimisiún Pleanála

| Cásanna atá idir Lámha | Iomlán | An Bord | Cigire |
|---|---|---|---|
| Tionscadail Fuinnimh Gréine | 10 | 2 | 8 |
| Tionscadail Forbartha Bonneagair Straitéisigh Fuinnimh Gaoithe | 12* | 0 | 12 |
| Achomhairc i leith Tionscadail Fuinnimh Gaoithe | 20* | 4 | 16 |
| | | | |
| * Lena n-áirítear tarchuir ón gcúirt, 1 FBS agus 4 GAP | | | |

# Tionscadail Fuinnimh In-athnuaite – 11 Fheirm Ghaoithe; 7 dTionscadal Fuinnimh Gréine

An Coimisiún Pleanála

| Renewable Energy (Wind and Solar) Decisions Made by Month | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Jan-25** | | | | | | | | |
| **Decision Made** | | | | | | | | |
| **ABP Ref** | **SID/NPA** | **Lodged** | **Nature of Proposal** | **Case Identifier** | **County** | **PA Decision** | **Board Decision** | **Decision Date** |
| ABP-316178-23 | SID | 31-Mar-23 | Wind - 18 WTG | Oweninney Phase 3 | Mayo | N/A | Grant | 25-Jan-25 |
| **Feb-25** | | | | | | | | |
| **Decision Made** | | | | | | | | |
| **ABP Ref** | **SID/NPA** | **Lodged** | **Nature of Proposal** | **Case Identifier** | **County** | **PA Decision** | **Board Decision** | **Decision Date** |
| ABP-319800-24 | NPA | 27-May-24 | Wind - 1 WTG | Kilcash | Roscommon | Grant | Grant | 10-Feb-25 |
| ABP-312659-22 | SID | 4-Feb-22 | Wind - 15 WTG | Glenard | Donegal | N/A | Grant | 25-Feb-25 |
| ABP-320542-24 | NPA | 13-Aug-24 | Wind - 1 WTG | Wuxi Biologics | Louth | Grant | Grant | 25-Feb-25 |
| ABP-314602-22 | SID | 9-Sep-22 | Wind - 14 WTG | Gortyrahilly | Cork | N/A | Grant | 25-Feb-25 |
| ABP-319704-24 | NPA | 10-May-24 | Solar - Amendment | Arklow | Wicklow | Grant | Grant | 28-Feb-25 |
| **Mar-25** | | | | | | | | |
| **Decisions Made** | | | | | | | | |
| **ABP Ref** | **SID/NPA** | **Lodged** | **Nature of Proposal** | **Case Identifier** | **County** | **PA Decision** | **Board Decision** | **Decision Date** |
| ABP-319448-24 | SID | 2-Apr-24 | Wind - 8 WTG | Clonmellon | Meath & Westmeath | N/A | Grant | 25-Mar-25 |
| ABP-319741-24 | SID | 16-May-24 | Repower of Windfarm | Kilgarvan | Kerry | N/A | Grant | 25-Mar-25 |
| ABP-321381-24 | NPA | 4-Dec-24 | Continuation of operation | Carrane Hill Windfarm | Sligo | Grant | Grant | 26-Mar-25 |
| ABP-321242-24 | NPA | 13-Nov-24 | Solar Farm | Rathkeale | Limerick | Refuse | Grant | 27-Mar-25 |
| ABP-320999-24 | NPA | 7-Oct-24 | Solar Farm | Ballysallagh | Westmeath | Grant | Grant | 31-Mar-25 |
| ABP-320755-24 | NPA | 5-Oct-24 | Solar Farm | Batterstown | Meath | Grant | Grant | 31-Mar-25 |
| **Apr-25** | | | | | | | | |
| **Decisions Made** | | | | | | | | |
| **ABP Ref** | **SID/NPA** | **Lodged** | **Nature of Proposal** | **Case Identifier** | **County** | **PA Decision** | **Board Decision** | **Decision Date** |
| ABP-319216-24 | NPA | 6-Mar-24 | Wind - 5 WTG | Inchnamore | Cork | Refuse | Grant | 02-Apr-25 |
| ABP-317822-23 | NPA | 17-Aug-23 | Solar | Bogganstown | Meath | Grant | Grant | 10-Apr-25 |
| ABP-318446-23 | SID | 13-Nov-23 | Wind - 10 WTG | Coumnagappul | Waterford | N/A | Refuse | 11-Apr-25 |
| ABP-321404-24 | NPA | 6-Dec-24 | Solar | Banna Mountain | Kerry | Grant | Grant | 22-Apr-25 |
| **May-25** | | | | | | | | |
| **Decisions Made** | | | | | | | | |
| **ABP Ref** | **SID/NPA** | **Lodged** | **Nature of Proposal** | **Case Identifier** | **County** | **PA Decision** | **Board Decision** | **Decision Date** |
| ABP-318433 -23 | NPA | 9-Nov-23 | Solar Farm | Castlegarden | Kilkenny | Grant | Grant | 20-May-25 |
| ABP-321244-24 | NPA | 13-Nov-24 | 1 WTG | Rin | Offaly | Refuse | Grant | 23-May-25 |

# Cásanna Níos Sine – Bainistiú Gníomhach ar na Cásanna roimh an mbliain 2024 atá fágtha agus lena mbaineann Iompar/an 7ú Sceideal/Údaráis Áitiúla

An Coimisiún Pleanála

| Bliain | Iomlán na gCásanna | |
|---|---|---|
| Roimh an mBliain 2021 agus an Bhliain sin san áireamh | 2 | |
| 2022 | 1 | |
| 2023 | 5 | |

# Cásanna lena mbaineann an 7ú Sceideal, Leictreachas, Údaráis Áitiúla agus Gnóthaí Bóthair agus Iarnróid 2025

An Coimisiún Pleanála

- **Áirítear iad seo a leanas leis na ‘cineálacha’ cinntí a rinneadh sa bhliain 2025:**
- 18 gcinneadh Údaráis Áitiúil ón mBord
- 4 chás Bóthair (dhá chás BusConnects san áireamh)
- 16 chás a bhaineann leis an 7ú Sceideal (5 leasú; feirmeacha gaoithe, Eachinis, saoráidí dramhaíola)

- **<u>Áirítear leis na comhairliúcháin réamhiarratais</u> atá beo**:
- 27 bhfeirm ghaoithe
- 25 chás leictreachais
- 11 chás lena mbaineann Giniúint Cumhachta/Dramhaíl/Os pidéal
- 1 chás lena mbaineann píblíne gáis

# Iarratais Iompair - Stádas

An Coimisiún Pleanála

- Gach ceann den 12 iarratas a bhaineann le BusConnects Bhaile Átha Cliath, mar aon le 12 ordú ceannaigh éigeantaigh atá le cinneadh ag an gCoimisiún (an cinneadh deiridh – an 12 Bealtaine 25)
- Cinneadh cás amháin a bhaineann le BusConnects na Gaillimhe agus ordú ceannaigh éigeantaigh, agus an dara ceann le scaoileadh ag an gCigire go luath i ráithe 4
- Rinneadh cinneadh ar sheachbhóthar N2 Bhaile Shláine

Cinntí a bhí amuigh i leith mórthionscadail iompair:

- Tá cinneadh ar chás Aerfoirt (Torann) le teacht
- Cinneadh ar Metro, Luas Fhionnghlaise, agus DART Thuaidh le déanamh faoi dheireadh an tSamhraidh
- Tá an cás a bhaineann le Bóthar na Gaillimhe ina ábhar do Chomhairliúchán Poiblí anois tar éis doiciméid nuashonraithe a fháil

# Spriocanna do Chásanna 2025 agus comhlíonadh na tréimhse cuspóra reachtúil

## Spriocanna Beartaithe Cásoibre Pleanála do Chásanna a Taisceadh sa bhliain 2025

An Coimisiún Pleanála

| Feidhm | Aschur | Creat Ama |
|---|---|---|
| **Forbairtí Cónaithe Mórscála (FCM)** | Réitíodh 95 - 100% laistigh de 16 seachtaine | Deireadh na bliana |
| **Gnáthachomhairc Phleanála** | Réitíodh 70 - 80% de chásanna 2025 laistigh de 18 seachtaine ón tréimhse cuspóra reachtúil | Deireadh na bliana |
| **Achomhairc i leith an Tobhaigh Láithreán Folamh** | Réitíodh 90 - 100% laistigh den tréimhse cuspóra reachtúil | Deireadh na bliana |
| **Achomhairc i leith Láithreáin Thréigthe** | Réitíodh 90 - 100% laistigh den tréimhse cuspóra reachtúil | Deireadh na bliana |
| **Achomhairc i leith na Cánach Talún Cónaí-Chriosaithe** | Réitíodh 90 - 100% laistigh den tréimhse cuspóra reachtúil | Deireadh na bliana |
| **Cásanna Leictreachais** | Réitíodh 70 - 80% de chásanna 2025 laistigh d'fhorálacha amlíne an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2024 (48 seachtaine) | Deireadh na bliana |
| **Iarratais Phríobháideacha Alt 37(B)** | Réitíodh 75 - 85% de chásanna 2025 laistigh d'fhorálacha amlíne an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2024 (48 seachtaine) | Deireadh na bliana |
| **Tionscadail Údaráis Áitiúil** | Réitíodh 70 - 80% de chásanna 2025 laistigh d'fhorálacha amlíne an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2024 (26 seachtaine) | Deireadh na bliana |
| **Forbairtí Bonneagair Straitéisigh (iarratais FBS)** | Réitíodh 70 - 80% de chásanna 2025 laistigh d'fhorálacha amlíne an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2024 (48 seachtaine) | Deireadh na bliana |

An Coimisiún Pleanála

# Caidreamh le Geallsealbhóirí

# Cumarsáid

## Seachtrach – Caidreamh le Geallsealbhóirí

- Cruinniú Débhliantúil idir an Fóram Pleanála (Oifig an Rialálaí Pleanála) agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ar fad – Eanáir 2025 agus Deireadh Fómhair 2025.
- Aibreán 2025
  - Gníomhaireachtaí Neamhrialtasacha Comhshaoil – 8 Aibreán, agus Comhlachtaí Stáit – 9 Aibreán
- Bealtaine 2025
  - An Grúpa Oibre um Bia Mara/Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta
- Iúil 2025
  - Comhaltaí den Oireachtas – 2 Iúil, agus Grúpaí Gnó agus Tionscail – 3 Iúil
  - Comhlachtaí Forordaithe – 9 Iúil
- **Iarradh ar ghrúpaí/iarratasóirí sainaithint a dhéanamh ar thionscadail atá le teacht le haghaidh pleanáil acmhainní agus ar an idirspleáchas idir tionscadail/cásanna atá le cinneadh, i.e., tithíocht/uisce/leictreachas.**
- Postáladh staitisticí ráithiúla ar an ualach cásanna, cásanna GAP agus Iarratais Dhíreacha ar an suíomh Gréasáin.
- Postáladh staitisticí míosúla fuinnimh gaoithe ar an suíomh Gréasáin.

An Coimisiún Pleanála

# Athbhreithniú Breithiúnach

# Forbhreathnú

An Coimisiún Pleanála

- Bhí méadú leantach ann ar an líon athbhreithnithe breithiúnacha ar chinntí pleanála agus comhshaoil.
- Is é an phríomhchúis leis sin ná an córas uathúil um chosaint costas atá ann i réimse na dlíthíochta pleanála agus comhshaoil.
- Tá an próiseas agus na hathchóirithe i leith costais dlí leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024.
- Thug an Chúirt Pleanála agus Comhshaoil luathú méadaithe isteach, agus Ordú 103 de Rialacha na nUaschúirteanna mar bhonn agus thaca aige anois.

# Athbhreithniú Breithiúnach 2025

An Coimisiún Pleanála

» Taisceadh 88 n-athbhreithniú bhreithiúnacha leis an Ard-Chúirt go dtí seo sa bhliain 2025.

» Seirbheáladh páipéir ar an gCoimisiún i 73 chás go dtí seo, lena n-áirítear 282 fhoras agóide atá bunaithe ar an dlí intíre, 74 fhoras agóide atá bunaithe ar dhlí an Aontais Eorpaigh, agus 20 foras agóide atá bunaithe ar bhailíocht.

» Athbhreithniú breithiúnach de réir cineál forbartha:

| **Forbairt tráchtála** | **23** | **Crann teileachumarsáide** | **7** |
|---|---|---|---|
| Tithíocht | 14 | Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe/An Tobhach Láithreán Folamh | 5 |
| Bonneagar | 11 | Fuinneamh In-athnuaite | 4 |
| Teach/sealbhóir tí aonair | 7 | Cairéal | 2 (73) |

# Athbhreithniú Breithiúnach 2024

An Coimisiún Pleanála

- Taisceadh 147 n-iarratas ar athbhreithniú breithiúnach leis an Ard-Chúirt sa bhliain 2024, agus seirbheáladh 143 cinn ar an gCoimisiún go dtí seo i mbliana.
- Bhain an 143 iarratas sin le hagóidí in aghaidh 139 gcinneadh ón mBord (féadfar agóid a dhéanamh in aghaidh cinnidh trí níos mó ná athbhreithniú breithiúnach amháin) agus bhí 780 príomhfhoras iontu, agus iad comhdhéanta de 591 fhoras atá bunaithe ar an dlí intíre, 148 bhforas atá bunaithe ar dhlí an Aontais Eorpaigh agus 41 fhoras atá bunaithe ar bhailíocht.

| Forbairt tráchtála | 35 | Bonneagar | 19 |
|---|---|---|---|
| Tithíocht, 2 - 99 | 21 | Fuinneamh In-athnuaite | 17 |
| Tithíocht - Forbairt Chónaithe Mhórscála | 7 | Crann teileachumarsáide | 15 |
| Tithíocht - Forbairt Tithíochta Straitéiseach | 4 | Cáin Talún Cónaí-Chriosaithe | 10 |
| Teach/sealbhóir tí aonair | 11 | Láithreán tréigthe | 4 (143) |

# Athbhreithniú Breithiúnach agus Bonneagar

An Coimisiún Pleanála

» Tosaíodh 30 athbhreithniú breithiúnach maidir le bonneagar sa bhliain 2024 agus go dtí seo sa bhliain 2025, agus iad ag baint leis na cineálacha forbartha bonneagair seo a leanas.

| BusConnects | 16 | Leictreachas | 2 |
|---|---|---|---|
| Iarnród agus calafort | 5 | Uisce | 2 |
| Údarás áitiúil | 4 | Oideachas | 1 |

» Dul chun cinn na dlíthíochta amhail an 27 Meitheamh 2025:

| Cásanna nach raibh aon dáta éisteachta sannta dóibh | 21 | Cásanna a cinneadh agus atá faoi réir achomharc leanúnach | 2 |
|---|---|---|---|
| Cásanna a raibh dáta éisteachta sannta dóibh | 0 | Cásanna a cinneadh | 1 |
| Cásanna a éisteadh agus a bhfuiltear ag feitheamh le breithiúnas ina leith | 2 | Cásanna a tharraing an t-iarratasóir siar le haghaidh athbhreithniú breithiúnach | 4 |


# Forbhreathnú Stairiúil ar Athbhreithniú Breithiúnach

An Coimisiún Pleanála


- Tugtar sa dá shleamhnán seo a leanas forbhreathnú stairiúil ar an méadú atá tagtha ar an líon athbhreithnithe breithiúnacha, rud a nuashonraíodh suas go dtí an 26 Meitheamh 2025.
- Sa chéad sleamhnán, cuirtear athbhreithnithe breithiúnacha in aghaidh an Choimisiúin Pleanála i gcomparáid le hathbhreithnithe breithiúnacha ginearálta nach mbaineann le tearmann.
- Léirítear sa dara sleamhnán an méadú atá tagtha ar an líon athbhreithnithe breithiúnacha in aghaidh an Choimisiúin Pleanála i ndáil le hathruithe reachtacha agus leis an gcásdlí, go háirithe an breithiúnas ón gCúirt Uachtarach i gcás *Heather Hill*.

# Forbhreathnú Staitistiúil – Stairiúil (1)

An Coimisiún Pleanála



# Forbhreathnú Staitistiúil – Stairiúil (2)



## Cur Chuige an Choimisiúin i leith Athbhreithniú Breithiúnach

An Coimisiún Pleanála

- Is é an Coimisiún Pleanála an *legitimus contradictor*. Mar sin, cosnaíonn sé athbhreithnithe breithiúnacha ar na cinntí uaidh.
- Déanann sé measúnú ar neart na bhforas a phléadáiltear sa Ráiteas i dtaobh Foras.
- Cuireann sé in aghaidh cead nó seasaimh, nuair is cuí déanamh amhlaidh.
- Iarrann sé go luathófaí cásanna, faoi réir acmhainn reatha na gCúirteanna.
- D’athraigh sé nósanna imeachta tarchuir ionas go ndéantar tarchuir ar bhealach níos tapa agus nach dtéann comhaid ar ais go deireadh na scuaine.

# Cuid 9, An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2024

An Coimisiún Pleanála

- Beidh tábhacht ar leith ag baint le halt 288 d'Acht 2024 maidir le tionscadail bhonneagair línigh, toisc go ndéantar socrú leis an alt sin do chinneadh pleanála a leasú chun earráid a cheartú agus chun a chinntiú nach ndéanfar an cinneadh ar fad a neamhniú.
- Leagtar amach i gCuid 9, Caibidil 1, athruithe ar athbhreithniú breithiúnach chun an próiseas a chuíchóiriú. Rinneadh na hathruithe céanna le hOrdú 103 de Rialacha na nUaschúirteanna, a mhéid a bhaineann leis an gCúirt Pleanála agus Comhshaoil a bhainistiú.
- Leagtar amach i gCuid 9, Caibidil 2, bearta atá ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar chostais dlí i gcásanna comhshaoil, lena n-áirítear scála táillí.

An Coimisiún Pleanála

# An tEolas is Deireanaí ar Acmhainniú

# Forbhreathnú ar Acmhainniú 2022 – Lár 2025

An Coimisiún Pleanála

| CL | An Bord | An Lucht Ardbhainistíochta | An Chigireacht | An Lucht Riaracháin | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Deireadh na bliana 2022 | 5 | 18 | 66 (1) | 113 | **202** |
| Deireadh na bliana 2023 | 15 | 22 | 86 (3) | 131 | **254** |
| **Deireadh na bliana 2024** | 17 | 27 | 100 (3) | 146 | **290** |
| 2022 v. 2024 | | | | | **+43%** |
| Deireadh mhí an Mheithimh 2025 | 15 | 27 | 101(6) | 156 | **299** |
| CL Ceadaithe | | | | | **313** |

**Tréimhse: Eanáir-Iúil 2025**


Tosaitheoirí Nua 24 (tá triúr le tosú i mí Iúil)

Fágálaithe 15 (tá beirt le fágáil i mí Iúil)


Arduithe Céime 7

# Comórtais Earcaíochta

## 2022 – Meitheamh 2025



# Tosaitheoirí Nua 2022 – Meitheamh 2025



An Coimisiún Pleanála

# Claochlú agus Seirbhísí Digiteacha

# Claochlú agus Seirbhísí Digiteacha

An Coimisiún Pleanála

- Seirbhísí ar líne i gcomhoibriú le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais
  - Cumas ar líne a sholáthar le haghaidh gnáthachomhairc phleanála (GAP) agus íocaíochtaí a chur isteach, agus leas á bhaint as ardán 'seirbhísí comhroinnte' TF an rialtais. Táthar ag súil go mbeidh sé beo i ráithe 3 den bhliain 2025.
- Cáschomhaid Dhigiteacha Phoiblí le haghaidh Iarratais Dhíreacha
  - I ráithe 3, foilseofar gach cáschomhad nua le haghaidh Iarratais Dhíreacha (Bonneagar Straitéiseach, etc.) ar ár suíomh Gréasáin. Ní bheidh ar an bpobal teacht chuig ár n-oifig a thuilleadh chun amharc ar chomhaid chruachóipe.
- Meastóireacht ar chumais Intleachta Saorga agus Uathoibrithe
  - Comhoibriú le hÚdaráis Áitiúla agus le CeADAR, ionad an rialtais um intleacht shaorga, chun cumas cruthúnais coincheapa a fhorbairt i réimse na hintleachta saorga. Uathoibriú leantach TF le haghaidh éifeachtúlachtaí próisis.
  - Comhoibriú maidir le húsáid fhéideartha intleachta saorga chun bainistíocht riosca agus maoluithe sonraí agus slándála a chinntiú agus chun a chinntiú go gcloítear le gach treoirlíne maidir le hÚsáid Fhreagrach Intleachta Saorga sa tSeirbhís Phoiblí.

An Coimisiún Pleanála

www.pleanala.ie